CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Threoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 173 Eagrán Speisialta Gaeilge an 9 Iúil 2018)

Ar leathanach 22, in Airteagal 1, i bpointe (2)(c), an dara fomhír, an dara habairt:

in ionad: "Gan dochar do phointe (h) den chéad fhomhír de mhír 1, déanfaidh an fostóir caiteachas den sórt sin a aisíoc leis an oibrí ar postú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus/nó leis an gcleachtas náisiúnta is infheidhme maidir le caidreamh fostaíochta.",

léitear: "Gan dochar do phointe (i) den chéad fhomhír de mhír 1, déanfaidh an fostóir caiteachas den sórt sin a aisíoc leis an oibrí ar postú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus/nó leis an gcleachtas náisiúnta is infheidhme maidir le caidreamh fostaíochta.".

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 317 Eagrán Speisialta Gaeilge an 23 Samhain 2016)

Ar leathanach 98, Iarscríbhinn VIII, Cuid C, pointe 6:

in ionad: "☐ tagann sí ó láthair táirgeachta a aithnítear go hoifigiúil a bheith saor ó (E)",

léitear: "☐ tagann sí ó ionad táirgthe a aithnítear go hoifigiúil a bheith saor ó (E)".
